

NA hÉLIMH DO NA TOGHCHÁIN

Élimh Áitiúla:

1. Gur chóir go mbeadh logainmneacha as Gaeilge amháin ar eastáit tithíochta nua
 - *Moltar go gcuirfear coiste logainmneacha ar bun i bpáirt leis an údarás áitiúil, an Post, saineolaithe áitiúla, srl.. agus go n-ullmhóidh an coiste sin rogha ainmneacha do na forbróirí do gach eastát tithíochta nua sa cheantar*
 - *Tá Coiste Logainmneacha ag feidhmiú i nGaillimh le 10 mbliana agus tá ainm Gaeilge ar gach eastáit tithíochta nua ó shin de thoradh air seo. Cuireann sé seo go mór le stádas na Gaeilge sa phobal agus bionn an-toradh aige sin ar dhearcadh daoine ar an nGaeilge (m.sh. feiceann daltaí scoile tábhacht agus stádas nua leis an teanga a bhíonn á foghlaim acu ar scoil). Chomh maith leis sin ceanglaíonn an Coiste Logainmneacha na logainmneacha nua leis an dúlra agus an stair atá timpeall orthu (in ionad ainmneacha a úsáid ar nós Broadfield Manor, srl.. nach bhfuil aon bhunús acu ón dúlra nó ón stair)*
2. Cúis áitiúil (suíomh don Ghaelscoil áitiúil nó eile)

Élimh Náisiúnta (cúpla ceist do na hiarrthóirí ar lean agus eolas maidir leis na hélimh):

1. An Ghaeilge a dheimhniú mar phríomhábhar don Ardteist agus tacaíocht do mholtáí an Chonartha a lorg
2. An Tumoideachas – tacaíocht a lorg le Ciorclán (0044/2007) a tharraingt siar láithreach
3. Stádas na Gaeilge ar chomharthaí bóthair dátheangacha na hÉireann a bheith cothrom, ar a laghad, leis an mBéarla

Éileamh don Eoraip:

1. Ceist do na hiarrthóirí: ‘Má thoghtar mar chomhalta de Pharlaimint na hEorpa tú, an labhróidh tú Gaeilge go rialta agus mar ghnáthchleachtas sa Pharlaimint?’
2. Tacaíocht á lorg le deireadh a chur leis an maolú maidir le stádas na Gaeilge san Aontas Eorpach (AE) agus brú a chur ar Rialtas na hÉireann agus ar an Aontas Eorpach chun é sin a bhaint.
 - *Tá an Ghaeilge ina teanga oifigiúil san Aontas Eorpach ó 1 Eanáir 2007, de bhun Rialachán Comhairle 1/1958 mar atá leasaithe, ach tá maolú ann go deireadh 2010 ar féidir a athnuachan gach 5 bliana ina dhiaidh sin (Rialachán 920/2005). Faoin maolú seo, ní bhíonn ar an AE gach d lí a chur ar fáil as Gaeilge ach amháin rialacháin a dhéanann Comhairle na nAirí agus Parlaimint na hEorpa in éineacht.*
 - *Tá míbhrí á baint as an maolú seo chun leagan Gaeilge den iliomad cáipéisí agus den iliomad seirbhís a shéanadh ar phobal na hÉireann le hais phobail na dteangacha oifigiúla eile ar nós Máltaise, Slóvénise, srl. Maitear nach gá ach rialacháin ón gcomhchinneadh a astriú. Bhí an maolú ceannann céanna ag an Máltais tráth (Rialachán 930/2004) ach ní dhúntaí an Mháltais amach ó ghnóthaí an Aontais dá dheasca faoi mar a dhéantar anois le Gaeilge.*
 - *Níl focal Gaeilge ar shuíomh idirlín Pharlaimint na hEorpa mar shampla: www.europarl.europa.eu. Seo sárú ar dhlí an Aontais Eorpaigh.*
 - *Is é an leithscéal atá in úsáid ag an Aontas agus ag Rialtas na hÉireann ná nach bhfuil dóthain aistritheoirí, ateangairí agus dlítheangeolaithe ar fáil le freastal ar na dualgais a bheadh i gceist le stádas gan maolú. Ag an am céanna, áfach, níl an tAE ag fostú na ndaoine atá cálithe cheana agus in ann don obair. Níor fhostaigh siad ach leath na ndaoine a chuir siad féin ar phainéal mar aistritheoirí agus ar éirigh leo ar fad i gcomórtas do phostanna astriúcháin a reáchtáil an tAE féin.*
 - *Íocann an tAE as na postanna teanga seo ó lárchiste astriúcháin an AE faoi mar a dhéantar i gcás na na dteangacha oifigiúla eile. Íocann Éire isteach sa chiste seo. Seo deiseanna iontacha festaíochta dá gcuirfeadh polaiteoirí na hÉireann chuige.*

TÁ DUALGAS AR FHEISIRÍ NA hÉIREANN NA DEISEANNA FOSTAÍOCHTA SEO A THAPÚ DO PHOBAL NA hÉIREANN

AN GHAEILGE MAR PHRÍOMHÁBHAR DON ARDTEIST

1. An dtacaíonn tú leis an nGaeilge mar phríomhábhar don Ardteist, i. go gcoinneoidh sí an stádas céanna atá aici leis an mBéarla agus leis an mata mar atá faoi láthair?

Nótaí faoin gceist seo:

- ▶ Bíonn teangacha iasachta i scoileanna na hÉireann cheana féin in iomaíocht le hábhair eile a mbíonn tóir mhór orthu mar gheall ar chúrsáí tríú leibhéal áirithe (m.sh. bíonn teangacha iasachta in iomaíocht le bitheolaíocht do dhalta ag iarraidh leigheas a dhéanamh, srl...). Ní bhíonn an dara rogha ag roinnt mic léinn dara leibhéal ach glacadh le rogha eile in ionad teanga iasachta.
- ▶ Ní gá ach breathnú ar an tubaiste atá ag titim amach i Sasana ó 2001 maidir le teangacha i gcoitinne tar éis don Roinn Oideachais agus Eolaíochta thall ligint do scoileanna ábhair roghnacha a dhéanamh díobh ag leibhéal an GCSE. Tháinig laghdú drámatúil i lón na scoláirí a roghnaíonn teangacha ó 78% i 2001 go 44% i 2008.
- ▶ Bíonn an tuairim ag daltaí go bhfuil teangacha deacair mar ábhair i gcomparáid le roghanna eile agus glacann siad go leor ama. Dá gcuirfí an moladh i bhfeidhm is cinnte go mbeadh an toradh céanna le feiceáil anseo in Éirinn ó thaobh líon na ndaltaí ag staidéar na Gaeilge don Ardteist agus chuirfí deireadh le múineadh na Gaeilge don Ardteist go huile agus go hiomlán i scoileanna áirithe.
- ▶ Is céim siar a bheadh i gceist dá gcuirfí an polasaí seo i bhfeidhm, ní hamháin ó thaobh múineadh na Gaeilge de ach ó thaobh múineadh teangacha de trí chéile. Tá sé seo i gcoinne pholasaí Chomhairle na hEorpa agus an Aontais Eorpach go mbeidh ardchumas ag gach saoránach i dtrí theanga.
- ▶ Aontaíonn go leor saineolaithe teanga lenár ndearcadh, mar a deir an tOllamh David Little, Lárionad Staidéir ar Theangacha agus Chumarsáide, Coláiste na Tríonóide: "*We could make it optional for Leaving Certificate; and after a few years we might come to think that it should be optional for Junior Certificate too; and after that – well, what's the point of bothering with compulsory Irish at primary level, if it's going to be taken only by a tiny minority at second level? If we follow this path, we may well find that by the end of this decade Ireland has sold its linguistic birthright and staked its entire future – cultural, political, economic – on the continuing international dominance of English. On the other hand, we can respond by taking seriously the linguistic challenge of the European project; recognizing that Irish belongs not just to Ireland's but to Europe's linguistic heritage; taking note of the empirical fact that the more languages you learn, the easier it becomes; insisting that Ireland's membership of Europe requires us to make foreign language learning a compulsory part of schooling; and seeking ways of achieving more effective learning outcomes. This kind of response requires political commitment and a coherent national effort leading to a language education policy capable of generating an integrated language curriculum that in turn can facilitate pedagogical reform.*"

▶ B'fhearr múineadh na Gaeilge sa chóras oideachais a chur ina cheart. Tá moltaí an Chonartha chuige sin thíos:

1. Go múinfí gach ábhar oide trí Ghaeilge i dtimpeallacht lán-Ghaeilge, ag foghlaim tríd an tumoideachas agus faoin tumoideachas, ar feadh tréimhse suntasach le linn a gcúrsa oiliúna. Bíodh an deis ag mic léinn an cursa iomlán a dhéanamh trí Ghaeilge más mian leo;
2. Go múinfí ábhar amháin, de bhreis ar an nGaeilge, trí Ghaeilge do gach dalta bunscoile, ar bhonn píolótach ar dtús leis an tacáiocht agus an oiliúint is gó (cleachtadh coirp, dráma, nó eile);
3. Go bhforrófaí dhá shiollabas don Ghaeilge ag an dara leibhéal le dhá pháipéar scrúdaithe ar leith don Ardteist agus don Teastas Sóisearach:-
 - "Teanga na Gaeilge" a mhúinfí do gach mac léinn: ag múineadh agus ag measúnú na scileanna tuisceana, labhartha, léite agus scríofa ag baint leasa as an bhFráma Coiteann Eorpach mar thagairt agus ag cuimsíú feasachta teanga.
 - "Litríocht na Gaeilge" le déanamh ag mic léinn ardleibhéal amháin agus le múineadh go comhtháite le "Teanga na Gaeilge" ag an leibhéal cuí.

Ní foláir na leasuithe seo a bheith mar dhlúthchuid de, agus mar chéim i dtreo, curaclaim chomhtháite teangacha. Sealbháitear teangacha le húsáid agus le cleachtadh. Ní bhíonn rath ar mhodhanna eile.

AN TUMOIDEACHAS

2. An aontaíonn tú gur chóir an Ciorclán (0044/2007) a d'éisigh an tAire Oideachais agus Eolaíochta i mí Iúil 2007 a tharraingt siar?

Cuirfidh an ciorclán deireadh leis an luath-thumoideachas i ngaelscileanna trí iachall a chur orthu an Béarla a mhúineadh ón dara téarma sna naíonán shóisir.

Nótaí faoin gceist seo:

Cén fáth a bhfuil géarchéim sa Ghaelscolaíocht?

D'éisigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ciorclán (0044/2007) i mí Iúil 2007, a chuireann dualgas ar na scoileanna lán-Ghaeilge 2.5 uair an chloig de Bhéarla a theagasc gach seachtain ó thíos an dara téarma de rang na naíonán sóisearach, ar a dhéanaí.

Cuireann sé seo cosc ar scoileanna an luath-thumoideachas a chur i bhfeidhm, is é sin, córas nach múintear Béarla ann go ceann bliana nó dhó, go dtí go mbíonn an páiste in ann obair scoile agus cumarsáid a dhéanamh trí Ghaeilge ar scoil. Tá fianaise ar fáil go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta go n-éiríonn go han-mhaith le páistí sa chórás tumoideachais agus go mbaintear sárchaighdeán amach sa Ghaeilge agus sa Bhéarla.

Níor ghlac an Roinn Oideachais agus Eolaíochta le comhairle na CNCM¹ ná na COGG¹ maidir le taighde a dhéanamh ar an tumoideachas. Ni dhearnadh taighde ar an gceist seo riamh in Éirinn d'fhoinn polasaí a fhorbairt ar an gcur chuige is fearr do pháistí na scoileanna lán-Ghaeilge.

| FÍOR NÓ BRÉAGACH? | | |
|--|---|---|
| Is é an córas tumoideachais an córas is fearr do shealbhú na Gaeilge agus baintear sárchaighdeán oideachais amach i ngach ábhar de chuid an churaclaim, an Béarla san áireamh. | FÍOR (Cruthaithe ag na saineolaithe agus ag na scoileanna iad féin) |  |
| Ní raibh aon phráinn an ciorclán a chur amach sula ndéanfaí taighde in Éirinn ar an aois is fearr chun túis a chur le múineadh an Bhéarla, mar nach raibh aon ghéarchéim ann sna scoileanna. | FÍOR (Mhol na saineolaithe uile gur ghá taighde forleathan a dhéanamh thar mhéid airithe blianta agus cinneadh a bhunú ar na torthai sin) |  |
| Bhain bunús acadúil, colaoch agus taighde le cinneadh na Roinne Oideachais agus Eolaíochta cosc a chur ar an luath-thumoideachas iomlán. | BRÉAGACH (Bunaíodh an cinneadh ar thuairimiocht) |  |
| Tá sé i gceist ag an Aire Oideachais agus Eolaíochta taighde a chur i geríoch ar cheist an tumoideachais. | BRÉAGACH (Ni fleictear don Aire go bhfuil fiúntas le taighde ar an gceist seo) |  |
| Clúdaítear gach gné de churaclam an Bhéarla sna Gaelscoileanna. | FÍOR (Is i an cheist atá ann ná cén uair is fearr túis a chur le Béarla a mhúineadh sa chórás tumoideachais) |  |
| Ceadaítear teagasc an Bhéarla a chur ar athló go dtí an triú bliain scolaíochta i scoileanna lán-Ghaeilge i dTuaisceart Éireann agus i scoileanna Breatnaise. | FÍOR |  |
| Bíonn cumas litearthachta sa Bhéarla ag páistí na nGaelscoileanna chomh hard céanna nó níos airde ná na meáin chaighdeánaithe náisiúnta. | FÍOR (De réir thorthaí measúnachta na scoileanna agus taighde na Roinne Oideachais agus Eolaíochta i 1991) |  |

Céard tá uainn?

- (a) go dtarraingeofaí siar an ciorclán láithreach, agus
(b) go nglacfaí go hiomlán le moltaí na CNCM i leith na ceiste seo; i. clár cuimsitheach de taighde dúchasach a chur i geríoch ar na saincheisteanna uile i gcomhthéacs teanga agus litearthachta sna bunscoileanna lán-Ghaeilge.

¹ Is eagraiochtaí reachtúla iad an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnaíthe (CNCM) agus an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta atá ann le comhairle a chur ar an Aire Oideachais agus Eolaíochta.

COMHARTHAÍ BÓTHAIR DÁTHEANGACHA

3. An aontaíonn tú gur chóir go mbeadh an stádas céanna, ar a laghad, ag an nGaeilge leis an mBéarla ar chomharthaí bóithre na hÉireann?

Nótaí faoin gceist seo:

- Seo a leanas roinnt de na torthaí ar thaighde coimisiúnaithe ag an gConradh ó shaineolaí ón gColáiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha:
- Tugtar níos mó suntasacha don Bhéarla mar atá sé leagtha anois.
 - Fágann comharthaí reatha go bhfuil an Ghaeilge i bhfírinne níos lú ná an Béarla, le cás uachtair ag líonadh an chuid is mó den chomhartha.
 - Fágann úsáid chló iodálaigh agus carachtair chlóghrafach a rinneadh drochtharraingt orthu nach bhfuil an Ghaeilge chomh sofheicthe le logainmneacha Béarla.
 - Ní leanann an córas an cleachtas is fearr idirnáisiúnta.
 - Is féidir feabhas mór a dhéanamh ar éifeachtacht. Is féidir tuilleadh soiléireachta a bhaint amach don dá theanga.
 - Nach ndéantar dea-thaighde ar dhearadh chomharthaí bóthair na hÉireann, déanta na firinne nuair a úsáidtear an cló aghaidh Bhriotanach Transport, sáraíonn an úsáid Éireannach a cuspóir dearaidh.
- Nílimid ag caint faoi gach comhartha bóthair a athrú thar oíche ach go mbeidh gach comhartha bóthair nua ó 2010 leagtha amach mar an gcéanna le comharthaí clúdaithe in Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, (Alt 9) Rialacháin 2008 (eolas thíos). Sa tslí sin ní bheidh aon chostas breise ar an stát.
- In **Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, (Alt 9) Rialacháin 2008**, tugtar cúram ar leith le cinntíú go bhfuil an Ghaeilge go príomha chun cinn ar chomharthaí...
(2) Beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas maidir le comhartha i nGaeilge agus i mBéarla a chuireann comhlacht poiblí in aon suíomh sa Stát:
(a) beidh an téacs i nGaeilge ann ar dtús,
(b) beidh an téacs i nGaeilge chomh feiceálach, chomh sofheicthe agus chomh inléite céanna leis an téacs i mBéarla,
(c) ní bheidh na litreacha sa téacs i nGaeilge níos lú, ó thaobh méide de, ná na litreacha sa téacs i mBéarla,
(d) maidir leis an téacs i nGaeilge, cuirfidh sé in iúl an fhainsnéis chéanna leis an bhfainsnéis a chuireann an téacs i mBéarla in iúl ...

Ach déantar eisceacht sna rialacháin chéanna de chomharthaí bóthair na hÉireann.

Ní chóir go mbeadh eisceacht ann.